

## Príomhstaitisticí agus treochtaí, príomhthátail

Tugtar eolas sa chuid seo den Tuarascáil Náisiúnta Dramhaíola ar na príomhstaitisticí agus treochtaí a dtráchtar orthu sa tuarascáil, chomh maith le heolas faoin dul chun cinn atá á dhéanamh in Éirinn maidir le spriocanna an AE i ndáil le bailiú dramhaíola, aisghabháil dramhaíola agus athstiúradh dramhaíola a shásamh, maille le hábhar tátail bunaithe ar an eolas a chuirtear i láthair.

In Éirinn, tugtar de shainmhíniú ar dhramhaíl chathrach go mbíonn dramhaíl tí, dramhaíl tráchtála agus dramhaíl de chineál eile ag baint léi atá cosúil le dramhaíl tí mar gheall ar a cineál nó a hábhar.

## Príomhstaitisticí agus treochtaí

Sruth Dramhaíola	Príomhstaitisticí na bliana 2012 agus pátrúin i gcomórtas leis an mbliain 2011		
<b>Dramhaíl Chathrach</b>	Cruthaíodh 2,692,537 tonna de dhramhaíl chathrach sa bhliain 2012, 4.6% níos lú ná mar a cruthaíodh sa bhliain 2011. Rinneadh bainistiú <sup>1</sup> ar 2,478,337 tonna de dhramhaíl chathrach sa bhliain 2012, 2.7% níos lú ná an méid a ndearnadh bainistiúocht ina leith sa bhliain 2011.		
	Ba iad na modhanna cóireála ba mhó maidir le Dramhaíl Chathrach i rith na bliana 2012:		
		<b>Méid (tonnaí)</b>	<b>% de dhramhaíl chathrach faoi bhainistiúocht</b>
	Athchúrsáil	828,492	33%
	Loscadh, cibé an raibh aisghabháil fuinnimh i gceist nó nach raibh	427,093	17%
	Líonadh talún	1,027,577	41%
	Múirín & díleá	156,212	6%
	Aisghabháil de chineál eile	38,914	2%
	Bhí an céatadán de dhramhaíl chathrach (de réir an tonna) a ndearnadh bainistiúocht ina leith d'fhonn aisghabháil <sup>2</sup> (59%) níos airde ná an céatadán maidir le diúscairt (41%) den chéad uair sa bhliain 2012.		
	Sa bhliain 2012, baineadh úsáid as 427,093 tonna de dhramhaíl chathrach mar bhreosla maidir le haisghabháil fuinnimh, ardú 118% ar 195,622 tonna sa bhliain.		
	Tá an ráta athchúrsála (40%) <sup>3</sup> maidir leis an dramhaíl chathrach gar don mheán (42%) ar fud AE28.		

<sup>1</sup> Dramhaíl tí neamhbhainistithe an dífríocht idir an dramhaíl chathrach a cruthaíodh agus an dramhaíl chathrach faoi bhainistiúocht. Is ionann an dramhaíl neamhbhainistithe agus an meastachan is fearr faoi láthair maidir leis an dramhaíl tí nach mbailítear ar thaobh an bhóthair nó nach ndéantar bainistiúocht ina leith, ag ionad fónas poiblí mar shampla.

<sup>2</sup> Tugtar san áireamh le haisghabháil, athchúrsáil, aisghabháil fuinnimh múirín & díleá agus aisghabháil de chineálacha eile.

<sup>3</sup> Aisghabháil abhair le múirín & díleá.

	<p>Tá íslíú i gcónaí ar an méid de dhramhaíl chathrach a ndéantar a dhiúscairt trí líonadh talún - bhí íslíú tuairim is 24% ar an méid dramhaíola de dhramhaíl chathrach a ndearnadh a dhiúscairt trí líonadh talún sa bhliain 2012 i gcomparáid le 2011.</p>
	<p>Glacadh le tuairim is 54% de na tonnaí de dhramhaíl chathrach a ndearnadh diúscairt orthu i dtrí láthair: Líonadh talún an Droichid agus Bhaile na gCrann (Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre) agus Líonadh Talún Ghort an Droma (Réigiún an Deiscirt).</p>
	<p>Rinneadh 34% den dramhaíl chathrach faoi bhainistíocht in Éirinn sa bhliain 2012 a easpórtáil le haisghabháil, aisghabháil fuinnimh agus athchúrsáil san áireamh. Tháinig méadú 36% ar an easpórtáil ar dhramhaíl chathrach d'aisghabháil fuinnimh idir 2011 agus 2012.</p>

Sruth Dramhaíola	Príomhstaitisticí na bliana 2012 agus treochtaí i gcomórtas leis an mbliain 2011
<b>Dramhaíl Tí</b>	344 kg an meánlíon de dhramhaíl tí in aghaidh an duine a cruthaíodh in Éirinn i rith na bliana 2012, 21% níos ísle ná an meánlíon in AE27 sa bhliain 2010 (na sonraí is deireanaí atá ar fáil).
	Bhí an ráta aisghabhála (57%) maidir le dramhaíl tí níos airde ná an ráta diúscartha (43%) den chéad uair sa bhliain 2012. Tharla sin mar gheall ar úsáid níos mó as dramhaíl iarmharach mar bhreosla.
	I ndáil leis an dramhaíl tí a ndearnadh bainistíocht ina leith i rith na bliain 2012: 79% a bailíodh ar cholbha an bhóthair; 4% a bailíodh ina dhramhábhar toirtiúil (scipeanna); 15% a tugadh chun cóireáil a dhéanamh uirthi (gabhdáin, ionaid fóntas poiblí); 2% a tugadh díreach chuig láthair líonadh talún, chuig dlúsóirí íoc de réir úsáide, agus lucht miondíolacháin/laethanta speisialta bailiúcháin i gcás WEEE agus cadhnaí so-iompair.
	I ndáil leis an 1,069,920 tonna de dhramhaíl tís a bailíodh ar cholbha an bhóthair i rith na bliana 2012: 68% a cuireadh i láthair mar dhramhaíl iarmharach; 24% mar dhramhábhar tirim inathchúrsála; 7.5% mar dhramhábhar orgánach; 0.5% mar ábhar gloine leithdheighilte.
	I ndáil leis an dramhaíl iarmharach tí a bailíodh ar cholbha an bhóthair: 48% a cuireadh ar aghaidh chuig líonadh talún nó chuig stáisiún toirtiúlachta d'fhonn diúscairt mar líonadh talún; 47% a cuireadh ar aghaidh le haisghabháil a dhéanamh (16% lena loscadh le haisghabháil fuinnimh agus 31% le cóireáil mheicniúil a oibriú d'fhonn aisghabháil a dhéanamh), agus 5% chuig ionad dramhaíola eile (toirtiúlacht nó cóireáil) gan anailís a dhéanamh maidir leis an gcóireáil dheireanach.
	Maidir leis an tseirbhís bailiúcháin ar cholbha an bhóthair: 98% de na teaghlaigh príobháideacha a raibh seirbhís dhá ghabhdán acu (dramhaíl iarmharach agus ábhar measctha inathchúrsála); 37% a raibh seirbhís maidir le dramhábhar orgánach acu; 3% a raibh seirbhís maidir le hábhar gloine leithdheighilte acu.
	Bhí seirbhís bailiúcháin maidir le gabhdáin do dhramhábhar orgánach ó cholbha an bhóthair i ngach limistéar údaráis áitiúil i rith na bliana 2013 ach

Sruth Dramhaíola	Príomhstaitisticí na bliana 2012 agus treochtaí i gcomórtas leis an mbliain 2011
	<p>amháin Cathair Chorcaí agus Contae Dhún na nGall.</p> <p>Bhí éagsúlacht mhór ag baint le líon na mbailitheoirí a oibríonn i ngach limistéar údaráis áitiúil faoi leith, chomh híseal le dhá dhream agus chomh hard le cúig dhream déag (9 ar an meán). Bhí roinnt a bhfuil ceadúnas acu nach raibh seirbhís á cur ar fáil acu ach do líon beag teaghlach de réir a dtuairisc féin.</p>
<p><b>Dramhaíl Chathrach In-bhithmhille (BMW)</b></p>	<p>Tharla íslíú ar an gcéatadán BMW sa dramhaíl chathrach a cuireadh ar aghaidh lena diúscairt trí líonadh talún i rith na bliana 2012 i gcomórtas leis an mbliain 2011 (54%-2012, 57%-2011).</p> <p>Táthar bord ar bhord leis an sceideal chun spriocanna na hÉireann don bhliain 2013 agus don bhliain 2016 faoin Treoir maidir le Líonadh Talún a shásamh. D'fhéadfadh, ina dhiaidh sin, go dtarlódh méadú maidir le diúscairt ar dhramhábhar cathrach in-bhithmhille trí líonadh talún, mar gheall ar an bhfeabhas ar chúrsaí eacnamaíochta, agus go mbeadh sprioc na bliana 2016 a shásamh i mbaol dá bharr.</p> <p>Tharla íslíú suntasach ar an méid dramhábhair gan chóireáil a ndearnadh diúscairt air trí líonadh talún i gcomórtas leis an mbliain 2011.</p>
<p><b>Dramhaíl Pacáistíochta</b></p>	<p>B'ionann an ráta aisghabhála maidir le pacáistíocht sa bhliain 2012 agus 87% i gcomparáid le 79% sa bhliain 2011. Tá sin go maith os cionn spriocráta 60% na Treorach faoi láthair. Ba é an méadú maidir le dramhaíl pacáistíochta sa dramhaíl iarmharach a úsáideadh mar bhreosla ba chúis leis an ardú ar an ráta sa bhliain 2012.</p>
<p><b>Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach</b></p>	<p>Sa bhliain 2012, bailíodh 40,818 tonna de dhramhthrealamh leictreach agus leictreonach (WEEE), a d'eascair ó threalamh a cuireadh ar an margadh in Éirinn, chun cóireáil a dhéanamh air.</p> <p>Bailíodh tuairim is 7.5 kg d'ábhar WEEE in aghaidh an duine ó theaghlaigh príobháideacha, níos mó ná an sprioc 4 kg in aghaidh an duine atá leagtha síos ag an AE.</p> <p>Sásaíodh na spriocanna athchúrsála agus aisghabhála ar fad atá leagtha síos ag an AE maidir le WEEE de gach catagóir.</p>
<p><b>Feithiclí Deireadh Ré</b></p>	<p>D'éirigh le hÉirinn spriocanna aisghabhála agus athchúrsála 2006 maidir le Feithiclí Deireadh Ré (ELV) a chomhlíonadh den chéad uair sa bhliain 2012. Sásaíodh an sprioc 80% maidir le hathúsáid agus athchúrsáil agus an sprioc 85% maidir le hathúsáid agus aisghabháil araon.</p>

Sruth Dramhaíola	Príomhstaitisticí na bliana 2012 agus treochtaí i gcomórtas leis an mbliain 2011
<b>Boinn Dramhaíola</b>	Tuairiscíodh bainistíocht a dhéanamh maidir le tuairim is 24,164 tonna boinn dramhaíola sa Stát i rith na bliana 2012.
<b>Cadhnraí Dramhaíola</b>	<p>Sásaíodh an sprioc bailiúcháin maidir le cadhnraí so-iompair agus taisc-chadhnraí agus 28% de réir meáchain dár cuireadh ar an margadh sa bhliain 2012 á mbailiú.</p> <p>Tá an baol ann nach n-éireodh le hÉirinn sprioc na bliana 2016 maidir le bailiúchán cadhnraí so-iompair agus taisc-chadhnraí, 45%, a bhaint amach mura mbíonn ardú suntasach ar an ráta bailiúcháin (28% de réir tuairiscí sa bhliain 2012).</p>
<b>Dramhaíl Ghuaiseach</b>	<p>Tharla laghdú 6% ar an méid iomlán de dhramhaíl ar tugadh cóireáil air, san ionad tionsclaíochta féin nó in ionad eile (saoráidí dramhaíola guaisí) in Éirinn i rith na bliana 2012 i gcomparáid leis an mbliain 2011.</p> <p>Tharla laghdú 3% ar an méid iomlán de dhramhaíl ghuaiseach a ndearnadh a easpórtáil maidir le cóireáil i rith na bliana 2012 i gcomparáid leis an mbliain 2011.</p> <p>Tharla laghdú 3% ar an méid iomlán de dhramhaíl ghuaiseach a ndearnadh a easpórtáil maidir le cóireáil i rith na bliana 2012 i gcomparáid leis an mbliain 2011.</p> <p>Bhí an chóireáil ar ábhar guaiseach dramhaíola i rith na bliana 2012 ar aon dul leis an mbliain 2011 agus rinneadh an chóireáil ar 22% de ar an láthair tionsclaíochta inar cruthaíodh é, cuireadh 30% amach chuig saoráidí tráchtála maidir le dramhaíl ghuaiseach don chóireáil agus rinneadh 48% a easpórtáil don chóireáil.</p>
<b>Bonneagar maidir le Cúrsaí Dramhaíola</b>	<p>Tá laghdú seasta ar líon na láithreacha líonadh talún ina mbíonn glacadh le dramhaíl chathrach lena diúscairt. Cé gur tugadh tuairisc ar 18 láthair ina raibh glacadh le dramhaíl chathrach i rith na bliana 2012, 13 acu sin a bhí ag obair faoi dheireadh na bliana 2012. Cuirtear sin i gcomórtas le 21 láthair líonadh talún ina mbíodh glacadh le dramhaíl chathrach sa bhliain 2011. Meastar go leanfar den ráta sin maidir le dúnadh láithreacha go ceann roinnt blianta eile.</p> <p>Ag deireadh na bliana 2012, bhí an acmhainn maidir le líonadh talún cathrach a bhí ceadaithe (i.e. ceadúnas dramhaíola agus cead pleanála ina leith) cothrom le 17.3 Mt go neasach ar fud na tíre ar fad. Tuairim is 1.6 Mt den mhéid sin a rabhthas á oibriú ag deireadh na bliana 2012. Is ionann sin agus beagán faoi bhun dhá bhliain den acmhainn a úsáidtear bunaithe ar ráta líonta na bliana 2012.</p>

Sruth Dramhaíola	Príomhstaitisticí na bliana 2012 agus treochtaí i gcomórtas leis an mbliain 2011
	Ba í an bhliain 2012 an chéad bhliain iomlán feidhme ag an gcéad loisctheoir cathrach in Éirinn.
	Bhí 118 saoráid chathrach agus 1,862 láthair gabhdán ar fáil sa bhliain 2012 de réir thuairisc na n-údarás áitiúil i gcomparáid le 113 agus 1,891 sa bhliain 2011.

## Príomhthátail

### An dul chun cinn maidir le spriocanna an AE i ndáil le hathchúrsáil, aisghabháil agus athstíúradh a shásamh

I rith na bliana 2012, d'éirigh le hÉirinn spriocanna uile an AE ar fud réimse leathan de reachtaíocht na dramhaíola a shásamh (Tábla 1).

- An beart ba shuntasáí, gur éirigh le hÉirinn na spriocanna faoin Treoir maidir le Feithiclí Deireadh Ré (ELV) a shásamh den chéad uair. Ba é an t-údar ba mhó leis sin gur chuir oibreoirí mionghearrthóirí ELV in Éirinn an chuid is mó den ábhar iarmharach ó mhionghearradh ELV ar aghaidh le haisghabháil a dhéanamh as seachas a dhiúscairt.
- Anuas air sin, tá le tuiscint ó na réamhshonraí go bhfuil i ndán go sásóidh Éire sprioc na bliana 2013 faoin Treoir maidir le Líonadh Talún i ndáil le déileáil le dramhaíl chathrach in-bhithmhíllte (BMW) ar bhealach seachas líonadh talún. Is toradh sin ar bhearta éagsúla, ina measc athruithe maidir le ceadúnais líonadh talún an EPA ionas go gcuirtear teorainn leis an méid BMW a nglactar leis, go ndéanann teaghlaigh agus dreamanna tráchtála leithdheighilt níos fearr ar dhramhaíl orgánach, gur tharla ardú ar thobhaigh maidir le líonadh talún agus go bhfuil aisghabháil fuinnimh á déanamh maidir le líon níos mó den dramhaíl chathrach iarmharach.
- I ndáil le dramhaíl pacáistíochta, b'ionann an ráta aisghabhála in Éirinn i rith na bliana 2012 agus 87%, go mór chun cinn ar an sprioc 60% a luaitear sa Treoir maidir le Pacáistíocht. Is é an t-údar a bhí leis an ardú ar ráta na bliana 2012 i gcomparáid leis an mbliain 2011 go raibh méadú ar an méid den dramhaíl pacáistíochta sa dramhaíl iarmharach a bhí á húsáid mar bhreosla.
- I ndáil leis na spriocanna bailiúcháin maidir le Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (WEEE), tá beagnach dhá oiread sprioc an AE maidir le bailiúchán WEEE (4 kg in aghaidh an duine) bainte amach in Éirinn le 7.5 kg in aghaidh an duine á bhailiú i rith na bliana 2012. Cé gur léir ó na figiúirí sin go gcruthaíonn teaghlaigh na hÉireann cuid mhór WEEE, léirítear freisin go bhfuil na córais bailiúcháin maidir le WEEE teaghlaigh a chuir lucht táirgeachta agus lucht iompórtála an trealaimh leictreach agus leictreonaigh ar bun, agus a gcuid scéimeanna comhlíonta, ag obair go maith.

Tá baol ann ina dhiaidh sin féin, nach n-éireodh linn roinnt de na spriocanna faoi Threoracha an AE a shásamh sa bhliain 2013 agus ina dhiaidh sin, mar gheall go háirithe ar:

- **An Treoir maidir le Feithiclí Deireadh Ré (ELV).** Beidh spriocanna níos géire á gcur i bhfeidhm ó mhí Eanáir 2015 amach.
- **An Treoir maidir le Líonadh Talún.** Táthar bord ar bhord leis an sceideal chun spriocanna na hÉireann don bhliain 2016 faoin Treoir maidir le dramhábhhar cathrach in-bhithmhíllte a shásamh. D'fhéadfadh, ina dhiaidh sin, go dtarlódh méadú maidir le dramhábhhar cathrach in-bhithmhíllte a chruthú mar gheall ar an bhfeabhas ar chúrsaí eacnamaíochta, agus go mbeadh méadú dá bharr sin ar an méid BMW a ndéanfaí diúscairt air trí líonadh talún.

**An Treoir maidir le Cadhnraí.** Tá an baol ann go dteipfidh ar Éirinn an t-íosráta bailiúcháin 45% a shásamh maidir le cadhnraí so-iompair agus taisc-chadhnraí nuair a thagann sin i bhfeidhm i mí Lúnasa 2016, mura dtagann feabhas mór ar an ráta bailiúcháin (28% sa bhliain 2012 de réir tuairisce).

## Dramhaíl Chathrach

Tá laghdú seasta ar an dramhaíl chathrach a chruthaítear ón mbuaicleibhéal sa bhliain 2007 agus 21% níos lú á chruthú sa bhliain 2012 ná mar a cruthaíodh sa bhliain 2007. Dá bharr sin, tá laghdú ó 0.78 tonna dramhaíola in aghaidh an duine sa bhliain 2007 go dtí 0.59 tonna sa bhliain 2012 ar an dramhaíl chathrach atá á cruthú in aghaidh an duine. Tá ceangal idir an laghdú sin agus an t-íslíú maidir le hídiú pearsanta de réir mar a chúngaigh cúrsaí pearsanta i rith na tréimhse idir 2007 agus 2012 agus tharla sé ainneoin méadú ar an daonra i rith na tréimhse céanna. Is léiriú é freisin ar threocht maidir le feabhas ó thaobh dramhaíl a chosc sa tír.

Is díol suntais gur tharla sa bhliain 2012 an céatadán den dramhaíl chathrach a ndearnadh aisghabháil uirthi (59%) níos airde ná an céatadán a ndearnadh a diúscairt (41%) den chéad uair riamh. Fórsaí an mhargaidh is cionsiocair leis an gcóireáil a thugtar ar dhramhaíl chathrach agus tionchar ag na polasaithe atá i réim agus ar ghnéithe bonneagair nua maidir le cúrsaí dramhaíola a thabhairt isteach ar an athrú ó dhiúscairt go haisghabháil. Cé gur tairbheach sin, ní mór tionscnaimh choisc, ullmhú don athúsáid agus athchúrsáil ar dhramhaíl a chur i bhfeidhm chomh maith, go háirithe sa chás go ndéantar sruthanna dramhaíola a leithdehilt ón tús.

## Diúscairt trí Líonadh Talún

Tharla laghdú 24% maidir leis an dramhaíl chathrach a ndearnadh diúscairt uirthi trí líonadh talún sa bhliain 2012 i gcomparáid leis an mbliain 2011. Tá baint ag an ardú ar thobhaidh maidir le líonadh talún, go háirithe ón mbliain 2008 i leith leis an athrú ó dhiúscairt ar dhramhaíl chathrach trí líonadh talún. Anuas air sin, tá laghdú seasta ar líon na láithreacha ina nglactar le dramhaíl chathrach d'fhonn diúscairt uirthi (ag trí cinn de láithreacha líonadh talún a glacadh le 54% den dramhaíl chathrach ar fad a ndearnadh a diúscairt i rith na bliana 2012) mar atá ar an acmhainn diúscairta trí líonadh talún ceadúnaithe. Tá tuairim is 17.3 Mt d'acmhainn líonadh talún a bhfuil cead tugtha ina leith agus tá tuairim is 1.6 Mt de sin a bhfuil feidhm á baint as faoi láthair. Tá sin cothrom le timpeall is dhá bhliain d'acmhainn líonadh talún de réir rátaí na bliana 2012. Ní mór modhanna cóireála eile a thabhairt chun cinn de réir mar is lú de láithreacha líonadh talún a bhíonn ar fáil.

## Aisghabháil

Rinneadh aisghabháil sa bhliain 2012 ar 59% den dramhaíl chathrach a tháinig faoi bhainistíocht. Tá athchúrsáil, aisghabháil fuinnimh, múirín agus díleá i gceist le haisghabháil. Maidir le heaspórtáil ar dhramhaíl chathrach, rinneadh 34% den dramhaíl chathrach a tháinig faoi bhainistíocht in Éirinn a easpórtáil d'fhonn aisghabháil uirthi i rith na bliana 2012. Tá athchúrsáil maidir le haisghabháil fuinnimh san áireamh leis sin.

Tá ráta athchúrsála 40% in Éirinn agus sin gar don mheánráta 42% ar fud AE28. Níl aon mhonarcha déanta gloine, muileann páipéir ná bruithneoir miotail in Éirinn agus déantar dá bhrí sin na sruthanna dramhaíola sin a easpórtáil chun athchúrsáil a dhéanamh orthu, rud a bhfuil deis á chailliúint leis.

Bhí an chéad loisceoir in Éirinn don dramhaíl chathrach ag obair bliain iomlán i rith na bliana 2012. Bhí sin ar cheann de na cúiseanna le feabhas ar rátaí aisghabhála agus 17% den dramhaíl chathrach a tháinig faoi bhainistíocht in úsáid mar bhreosla. Anuas air sin, tá áitheanna stroighne ag glacadh le dramhaíl freisin le húsáid mar bhreosla.

Is suntasach gur tharla ardú 36% ón mbliain 2011 go dtí 2012 maidir le dramhaíl chathrach a easpórtáil i gcornaí agus breosla ó dhramhaíl maidir le haisghabháil fuinnimh a easpórtáil. Ní raibh dóthain soláthair do mhonarchana losctha ar mhór-roinn na hEorpa agus bhí éileamh ar easpórtáil den chineál sin dá bharr. Nuair a dhéantar dramhaíl a easpórtáil don aisghabháil fuinnimh, bíonn deis acmhainne á cailleadh ag an Stát. Ba cheart féachaint le dreasacht a oibriú ionas go gcoinneofaí dramhaíl don aisghabháil, idir aisghabháil fuinnimh agus athchúrsáil mar a luaitear thuas, sa Stát féin.

## **Tionscnaimh maidir le Freagracht an Táirgeora**

Tá dea-thoradh i ndáil le bailiúchán faoi leith agus cóireáil chuí ar dhramhábhar de chineálacha áirithe ar reachtaíocht maidir le Tionscnamh Fhreagracht an Táirgeora (PRI) a thabhairt isteach maidir le sruthanna éagsúla dramhaíola (e.g. pacáistíocht, WEEE, feithiclí deireadh ré, cadhnaí). Tá deiseanna áirithe ann feabhas a chur ar oibriú PRI, mar a sonraíodh in athbhreithniú a rinne an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le gairid, go háirithe i ndáil le feithiclí deireadh ré agus le boinn dramhaíola. Chuir an Roinn sin Grúpaí Oibre feithiclí deireadh ré agus le boinn dramhaíola ar bun i rith na bliana 2014 chun na moltaí sna tuarascálacha ar an athbhreithniú a chur i bhfeidhm.

## **Clár maidir le Saoráidí Dramhaíola agus Tuairiscíocht Sonraí**

Tá easnamh leanúnach ó thaobh sonraí sa Stát nuair nach bhfuil clár náisiúnta reatha de shaoráidí údaraithe dramhaíola ann agus an acmhainn cóireála luaite leis na saoráidí. D'fhoilsigh an EPA tuarascáil faoin teideal “National Municipal Waste Recovery Capacity” i mí Aibreán 2014 faoi mar a bhí iarrtha ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil in ‘A Resource Opportunity – Waste Management Policy in Ireland’ (2012). Tá an Clár Acmhainne a cruthaíodh mar chuid den mheasúnacht ina leith sin ina thús oibre maidir le tuairisc ar an réimse saoráidí éagsúla atá údaraithe maidir le cóireáil agus réamhchóireáil ar dhramhaíl a chruthaítear trí fhoinsé chathrach chomh maith le clár a chruthú de ghnéithe den bhonneagar maidir le cúrsaí dramhaíola in Éirinn.

Chuir an EPA roinnt moltaí chun cinn sa tuarascáil sin agus tugtar chun aire go háirithe nach ann d'aon chlár náisiúnta iomlán de cheadanna maidir le saoráidí dramhaíola ná Teastais Clárúcháin arna n-eisiúint ag Údaráis Áitiúla sa Stát. Ba é ab fhearr dá mbeadh clár den chineál sin ina seirbhís i gcomhar idir na húdaráis áitiúla agus bainistíocht lárnach á déanamh ag údarás amháin. Tá an bhainistíocht maidir le clár de na cheadanna bailiúcháin dramhaíola, chomh maith leis na tuairiscí bliantúla ó dhreamanna a bhfuil cead mar sin acu, á déanamh anois, mar shampla, ag Oifig Náisiúnta na gCeadanna Bailiúcháin Dramhaíola i gComhairle Chontae Uíbh Fháilí. Tá feabhas, dá bharr sin, ar na sonraí agus ar thráthúlacht na sonraí sin atá ar fáil in aon chlárann lárnach amháin. Anuas air sin, tá an bhainistíocht maidir le sonraí faoi ábhar dramhaíola guaiseach a sheoladh thar teorainn (dramhaíl fhógartha agus dramhaíl ar liosta glas) agus a aistriú taobh istigh den Stát á déanamh ag an Oifig Náisiúnta maidir le Seoladh Thar Teorainn i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Tá buntáiste suntasach ó na seirbhísí i gcomhar sin maidir le sonraí faoi chúrsaí dramhaíola ar an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal réigiúnach agus a bhailiú agus leis an tuairiscí orthu. Tá córas leictreonach lárnach tuairiscithe maidir le tuairiscí bliantúla faoi shaoráidí dra haíola údaraithe ar an gcéad bheart eile a d'oirfeadh maidir le sonraí faoi chúrsaí dramhaíola a thiomsú agus ba mhór an tairbhe a bheadh ann don Stát ó thaobh na pleanála agus na tuairiscithe faoi chúrsaí dramhaíola.

**Tábla 1** - An dul chun cinn maidir le spriocanna an AE i ndáil le hathchúrsáil, aisghabháil agus athstiúradh.

Treoir	Teideal	Airteagal	Spriocanna		Dul chun cinn in Éirinn	Táscaire		
			Spriocdháta	Sonraí				
94/62/EC arna leasú	Treoir um Pacáistiú <sup>4</sup>	6(1)	31-12-2011	Déanfar 60% ar a laghad de réir meáchain den dramhaíl pacáistíochta a aisghabháil nó a loscadh in ionaid loiscthe le haisghabháil fuinnimh.	87%	Sásaithe		
				Déanfar ar a laghad 55% de réir meáchain den dramhaíl pacáistíochta a athchúrsáil.	74%	Sásaithe		
				Tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2011, bainfear amach na spriocanna íosta athchúrsála seo a leanas maidir le hábhar i ndramhaíl pacáistíochta:				
				(i) 60% de réir meáchain maidir le gloine;	85%	Sásaithe		
				(ii) 60% de réir meáchain le páipéar agus clár;	83%	Sásaithe		
				(iii) 50% de réir meáchain maidir le miotal;	76%	Sásaithe		
				(iv) 22.5% de réir meáchain maidir le hábhar plaistigh, gan a áireamh ach an t-ábhar a ndéantar a athchúrsáil ina ábhar plaistigh;	40%	Sásaithe		
				(v) 15% de réir meáchain maidir le hadhmad.	82%	Sásaithe		

<sup>4</sup>Sonraí na bliana 2012, an chuid is deireanaí ar tugadh tuairisc ina leith don Choimisiún Eorpach.

Treoir	Teideal	Airteagal	Spriocanna		Dul chun cinn in Éirinn	Táscaire
			Spriocdháta	Sonraí		
2002/96/EC	An Treoir WEEE <sup>5</sup>	5(5)		Bailiúchán scagtha >4kg sa bhliain in aghaidh an duine d'ábhar WEEE ó theaghlaigh príobháideacha.	7.5 kg	Sásaithe
		7(2)	(31-12-2006) 31-12-2008 <sup>6</sup>	Maidir le fearais mhóra tí:- <ul style="list-style-type: none"> <li>➤ Feabhas ar an ráta aisghabhála go dtí 80% ar a laghad de réir meánmheáchan in aghaidh an fhearais; agus</li> <li>➤ Feabhas ar an ráta athúsáidte agus athchúrsála maidir le páirteanna, ábhar agus substaint go dtí 75% ar a laghad de réir meánmheáchan in aghaidh an fhearais.</li> </ul>	84%	Sásaithe
				Maidir le dáileoirí uathoibríocha:- <ul style="list-style-type: none"> <li>➤ Feabhas ar an ráta aisghabhála go dtí 80% ar a laghad de réir meánmheáchan in aghaidh an fhearais; agus</li> <li>➤ Feabhas ar an ráta athúsáidte agus athchúrsála maidir le páirteanna, ábhar agus substaint go dtí 75% ar a laghad de réir meánmheáchan in aghaidh an fhearais.</li> </ul>	90%	Sásaithe
				Maidir le trealamh TE agus Teileachumarsáide:- <ul style="list-style-type: none"> <li>➤ Feabhs ar an ráta aisghabhála go dtí 75% ar a laghad de réir meánmheáchan in aghaidh an fhearais; agus</li> <li>➤ Feabhas ar an ráta athúsáidte agus athchúrsála maidir le páirteanna, ábhar agus substaint go dtí 65% ar a laghad de réir meánmheáchan in aghaidh an fhearais.</li> </ul>	88%	Sásaithe
				Maidir le trealamh tomhaltóra:- <ul style="list-style-type: none"> <li>➤ Feabhas ar an ráta aisghabhála go dtí 75% ar a laghad de réir meánmheáchan in aghaidh an fhearais; agus</li> <li>➤ Feabhas ar an ráta athúsáidte agus athchúrsála maidir le páirteanna, ábhar agus substaint go dtí 65% ar a laghad de réir meánmheáchan in aghaidh an fhearais.</li> </ul>	94%	Sásaithe
				Maidir le fearais bheaga tí, uirlisí leictreachais agus leictreonaice, bréagáin,	89%	Sásaithe

<sup>5</sup> Sonraí na bliana 2012, an chuid is deireanaí ar tugadh tuairisc ina leith don Choimisiún Eorpach.

<sup>6</sup> Tá maolú dhá bhliain i gceist i gcás na hÉireann.

Treoir	Teideal	Airteagal	Spriocanna		Dul chun cinn in Éirinn	Táscaire
			Spriocdháta	Sonraí		
				<p>trealamh fóillíochta agus spóirt:-</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>➤ Feabhas ar an ráta aisghabhála go dtí 70% ar a laghad de réir meánmheáchan in aghaidh an fhearais; agus</li> <li>➤ Feabhas ar an ráta athúsáidte agus athchúrsála maidir le páirteanna, ábhar agus substaint go dtí 50% ar a laghad de réir meánmheáchan in aghaidh an fhearais.</li> </ul>		
2002/96/EC	An Treoir WEEE <sup>5</sup>	7 (2)	(31-12-2006) 31-12-2008 <sub>6</sub>	<p>Maidir le fearas leighis:-</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>➤ feabhas ar an ráta aisghabhála go dtí 70% ar a laghad de réir meánmheáchan in aghaidh an fhearais; agus</li> <li>➤ feabhas ar an ráta athúsáidte agus athchúrsála maidir le páirteanna, ábhar agus substaint go dtí 50% ar a laghad de réir meánmheáchan in aghaidh an fhearais.</li> </ul>	91%	Sásaithe
				<p>Maidir le uirlisí monatóireachta agus rialaithe:-</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>➤ feabhas ar an ráta aisghabhála go dtí 70% ar a laghad de réir meánmheáchan in aghaidh an fhearais; agus</li> <li>➤ feabhas ar an ráta athúsáidte agus athchúrsála maidir le páirteanna, ábhar agus substaint go dtí 50% ar a laghad de réir meánmheáchan in aghaidh an fhearais.</li> </ul>	90%	Sásaithe
				<p>Maidir le trealamh solais:-</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>➤ feabhas ar an ráta aisghabhála go dtí 70% ar a laghad de réir meánmheáchan in aghaidh an fhearais; agus</li> <li>➤ feabhas ar an ráta athúsáidte agus athchúrsála maidir le páirteanna, ábhar agus substaint go dtí 50% ar a laghad de réir meánmheáchan in aghaidh an fhearais.</li> </ul>	90%	Sásaithe
				<p>Maidir le lampaí sceite gáis, feabhas ar an ráta athúsáidte agus athchúrsála maidir le páirteanna, ábhar agus substaint go dtí 80% ar a laghad de réir meáchan na lampaí.</p>	88%	Sásaithe

Treoir	Teideal	Airteagal	Spriocanna		Dul chun cinn in Éirinn	Táscaire	
			Spriocdháta	Sonraí			
2000/53/EC	An Treoir maidir le Feithiclí Deireadh Ré <sup>7</sup>	7(2)(a)	1-1-2006	Ráta athúsáide agus aisghabhála 85% ar a laghad de réir mheánmheáchan feithicle agus na bliana.	88%	Sásaithe	
				Ráta athúsáide agus athchúrsála 80% ar a laghad de réir mheánmheáchan feithicle agus na bliana.	82%	Sásaithe	
		7(2)(b)	1-1-2015	Ráta athúsáide agus aisghabhála 95% ar a laghad de réir mheánmheáchan feithicle agus na bliana.	(88%)	Baol Dlíte Eanáir 2015	
				Ráta athúsáide agus athchúrsála 85% ar a laghad de réir mheánmheáchan feithicle agus na bliana.	(82%)	Baol Dlíte Eanáir 2015	
2006/66/EC	An Treoir maidir le Cadhnraí <sup>8</sup>	10(2)	31-12-2011	Ráta bailiúcháin 25% ar a laghad maidir le cadhnraí & taisc-chadhnraí.	28% <sup>9</sup>	Sásaithe	
			26-9-2016	Ráta bailiúcháin 45% ar a laghad maidir le cadhnraí & taisc-chadhnraí.	(28%) <sup>10</sup>	Baol Dlíte Meán Fómhair 2016	
		12(4)	26-9-2011	Tabharfar éifeachtúlacht athchúrsála mar seo a leanas ar a laghad i gcrích leis na próisis athchúrsála:			
				(a) athchúrsáil 65% de réir meánmheáchain maidir le cadhnraí & taisc-chadhnraí aigéid luaidhe, lena n-áirítear athchúrsáil a oiread agus is féidir ó thaobh cúrsaí teicniúla ar an ábhar luaidhe gan dul i gcostas iomarcach leis;	79% <sup>8</sup>	Sásaithe	
				(b) athchúrsáil 75% de réir meánmheáchain maidir le cadhnraí & taisc-chadhnraí nicil-caidmiam, lena n-áirítear athchúrsáil a oiread agus is féidir ó thaobh cúrsaí teicniúla ar an ábhar caidmiam gan dul i gcostas iomarcach leis; agus	75% <sup>8</sup>	Sásaithe	
				(c) athchúrsáil 50% de réir meánmheáchain maidir le cadhnraí &	57% <sup>8</sup>	Sásaithe	

<sup>7</sup>Sonraí na bliana 2012, an chuid is deireanaí ar tugadh tuairisc ina leith don Choimisiún Eorpach.

<sup>8</sup>Sonraí arna gcur i láthair mar atá i dTuarascáil na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil don Choimisiún Eorpach i mí Meitheamh 2013, le heolas maidir leis an tréimhse 2009-2012.

<sup>9</sup>Ráta bailiúcháin 2012. Baineadh amach sprioc 2011 sa bhliain 2011 (29%).

<sup>10</sup>Ráta bailiúcháin 2012.

Treoir	Teideal	Airteagal	Spriocanna		Dul chun cinn in Éirinn	Táscaire
			Spriocdháta	Sonraí		
				taisc-chadhnraí dramhaíola eile.		

Treoir	Teideal	Airteagal	Spriocanna		Dul chun cinn in Éirinn	Táscaire
			Spriocdháta	Sonraí		
1999/31/EC	An Treoir maidir le Líonadh Talún	5(2)	(16-7-2006) 16-7-2010 <sup>11</sup>	Ní mór laghdú go dtí 75% den mhéid iomlán (de réir meáchain) den dramhaíl chathrach in-bhithmhille a cruthaíodh sa bhliain 1995 (<916,000t) maidir le dramhaíl chathrach in-bhithmhille atá á húsáid mar líonadh talún.	860,000t <sup>12</sup>	Sásaithe
			(16-7-2009) 16-7-2013	Ní mór laghdú go dtí 50% den mhéid iomlán (de réir meáchain) den dramhaíl chathrach in-bhithmhille a cruthaíodh sa bhliain 1995 (<610,000t) maidir le dramhaíl chathrach in-bhithmhille atá á húsáid mar líonadh talún.	589,000t <sup>13</sup>	De réir sceidil dlite Iúil 2013
			16-7-2016	Ní mór laghdú go dtí 35% den mhéid iomlán (de réir meáchain) den dramhaíl chathrach in-bhithmhille a cruthaíodh sa bhliain 1995 (427,000t) maidir le dramhaíl chathrach in-bhithmhille atá á húsáid mar líonadh talún.	380,810t <sup>14</sup>	De réir sceidil dlite Iúil 2016

<sup>11</sup>Tá maolú ceithre bliana maidir leis an gcéad sprioc agus an dara sprioc i gceist i gcás na hÉireann.

<sup>12</sup>2010 tonnaí BMW a ndearnadh a ndiúscairt trí líonadh talún.

<sup>13</sup>2012 tonnaí BMW a ndearnadh a ndiúscairt trí líonadh talún.

<sup>14</sup>2013 tonnaí BMW a ndearnadh a ndiúscairt trí líonadh talún. Figiúr réamháirithe seo agus tá i ndán go dtiocfaidh athrú air.

Treoir	Teideal	Airteagal	Spriocanna		Dul chun cinn in Éirinn	Táscaire
			Spriocdháta	Sonraí		
2008/98/EC	An Chreat Treoir Dramhaíol a <sup>15</sup>	11(2)(a)	12-12-2020	Ullmhúchán d'athúsáid agus d'athchúrsáil ar 50% de réir meáchain den mhíotal, den ábhar plaistigh agus den ghloine (meastachán maidir le hábhar míotail agus plaistigh ó WEEE teaghlaigh san áireamh).	45%	Dlite Mí na Nollag 2020
		11(2)(b)	12-12-2020	Ullmhúchán d'athúsáid, d'athchúrsáil agus d'aisghabháil ábhair eile (bearta aislíonta san áireamh trína n-úsáidtear dramhaíl mar mhalairt ábhair) de 70% ar a laghad de réir meáchain de dhramhaíl T & S (seachas ithreacha aiceanta agus clocha)	97%	Sásaithe
		29	12-12-2013	Clár Náisiúnta um Chosc Dramhaíola (NWPP) a bhunú	Bunaíodh NWPP sa 2004	Sásaithe

<sup>15</sup>Sonraí na bliana 2011, an chuid is deireanaí ar tugadh tuairisc ina leith don Choimisiún Eorpach. An 30 Meán Fómhair 2014 an spriocdháta maidir le tuairisc ar shonraí na bliana 2012 a thabhairt don Choimisiún Eorpach.